



Bileog 2.1

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus smaoinígí ar na focail ar fad atá ar eolas agaibh a bhaineann le baill éagsúla den teaghlach. Scríobhaigí na focail sa bhosca thíos:

B. Bí ag obair leis an duine in aice leat arís. Déanaigí iarracht abairtí a chumadh faoi na daoine thíos atá fíor faoina dteaghlaigh, ag baint úsáide as na focail a bhí agaibh sa bhosca thuas. An bhfuil aon eolas breise agaibh fúthu?



Nicole agus Tom

Clann Nicole agus Tom
Isabella agus Conor

Tom agus Katie

Suri: Iníon
Tom agus Katie

Féach an focal ‘bliain’!
Cad is féidir leat a rá faoin bhfocal seo?
Cén aois atá ag gach duine i do theaghlach?
An féidir leat aois pháistí Tom Cruise a rá?

C. Pléigí na ceistanna seo a leanas:

- Cén gaol atá ag Suri le hIsabella?
- Cén gaol atá ag tuismitheoirí Nicole le Conor?
- Cén gaol atá ag Tom le hIsabella?
- Cén gaol atá ag Isabella le Conor?
- Cén gaol atá ag Katie le Suri?

D. Éist anois le Siobhán, Bean Uí Ghearrailt ag déanamh cur síos ar a clann. Tóg nótaí nuair atá sí ag caint agus ansin pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat:

- Cé mhéad garpháiste atá ag Siobhán?
- Cad é atá le rá aici faoin gcúpla?

Bileog 2.2

Le gearradh!



Bileog 2.3**Duine A**

Beidh tú ag obair leis an duine in aice leat ar ball. Seo thíos pictiúr de do theaghlach - caith tamall ag féachaint ar an phictiúr agus bí cinnte go mbeidh tú in ann cur síos a dhéanamh ar gach ball den teaghlach. Féach ar na ceisteanna seo a bheidh tú ag cur ar an duine in aice leat le cuidiú leat do chuid freagraí féin a chumadh. Nuair a bheidh sibh beirt réidh, ar aghaidh libh ag cur agus ag freagairt ceisteanna!

- Cé mhéad deartháir/deirfiúr atá agat?
- Cé acu is sine?
- An é/í X an duine is óige?



- Plé: An bhfuil na focail a bhaineann leis an teaghlach deacair a fhuaimniú?
- Cén bealach a bhfoghlaímíonn tú fuaim focail?

- *an dara duine/an tríú duine*
- Cén chuid den ghramadach atá i gceist sna frásaí thuas?
- Pléigh an scéal leis an duine in aice leat.

**Duine B**

Beidh tú ag obair leis an duine in aice leat ar ball. Seo thíos pictiúr de do theaghlach - caith tamall ag féachaint ar an phictiúr agus bí cinnte go mbeidh tú in ann cur síos a dhéanamh ar gach ball den teaghlach. Féach ar na ceisteanna seo a bheidh tú ag cur ar an duine in aice leat le cuidiú leat do chuid freagraí féin a chumadh. Nuair a bheidh sibh beirt réidh, ar aghaidh libh ag cur agus ag freagairt ceisteanna!



- Cé mhéad deartháir/deirfiúr atá agat?
- Cé acu is sine?
- An é/í X an duine is óige?



- Plé: An bhfuil na focail a bhaineann leis an teaghlach deacair a fhuaimniú?
- Cén bealach a bhfoghlaímíonn tú fuaim focail?

an dara duine/an tríú duine



**Cén chuid den ghramadach atá i
gceist sna frásaí thuas?
Pléigh an scéal leis an duine in aice leat.**

Bileog 2.4

Bí ag obair leis an duine in aice leat chun na freagraí cearta diúltacha agus dearfacha a thabhairt ar na ceisteanna seo thíos.

An bhfuil tú muinteartha do Mhicheál? _____

An í Áine an duine is óige? _____

An bhfuil páistí agaibh? _____



Cum ceisteanna a bhfuil *Is ea/Ní hea* mar fhreagra orthu!

Siúil timpeall an ranga agus aimsigh daoine sa rang a bhfuil na ráitis thíos fíor fúthu:

An Ráiteas**Ainm an duine**

• Duine atá muinteartha do dhuine darb ainm Lisa. _____

• Duine a bhfuil triúr deartháireacha aige/aici. _____

• Duine a bhfuil páistí aige/aici. _____

• An duine is óige sa teaghlach. _____

• An duine is sine sa teaghlach. _____

• Duine gur páiste aonair é/í. _____

• Duine a bhfuil beirt deirfiúracha aige/aici. _____

• Duine a bhfuil madra aige/aici. _____

• Duine atá pósta. _____

• Duine nach bhfuil carr aige/aici. _____

• Duine a bhfuil teach aige/aici sa Ghaeltacht. _____

• An duine is óige sa rang. _____



**Cuir ceist ar an duine in aice leat faoina t(h)eaghlach.
Bí cinnte gur féidir leat féin labhairt
faoi do theaghlach féin ar dtús chun an duine sin a fhreagairt.**

Bileog 2.5

Féach ar na focail seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

le pósadh
geallta

rugadh
breithlá

tógadh
pósta

Tá na habairtí thíos ag tagairt do theaghlaigh cáiliúla – an bhfuil a fhios agat féin agus an duine in aice leat cé hiad?

A

Tá triúr deirfiúracha agus deartháir amháin sa teaghlach clúiteach ceolmhar seo. Tógadh i gContae Lú iad.

B

Rugadh i Nua Eabhrac é. Bhog sé go hÉirinn nuair a bhí sé an-óg. Bhí leasdeartháir aige darb ainm Fr. Thomas Wheelwright. Fear an-tábhachtach é i stair na hÉireann.

C

Is é seo an teaghlach is cumhachtaí i Sasana. Maraíodh an iníon chéile sa bhliain 1997 sa Fhrainc. Bhí sí le pósadh.

D

Is as an Astráil an bheirt deirfiúracha cáiliúla seo. Is ceoltóirí iad beirt ach tá an duine is sine níos cáiliúla. Tá gruaig fhionn ar dhuine acu agus gruaig dhubh ar an deirfiúr eile.

Bileog 2.6A**Plé**

An bhfuil aon chur amach agat ar an scéal béaloidis *Clann Lir*? Déan plé ar an scéal leis an duine in aice leat ag úsáid na bhfocal thíos le cuidiú libh.

**Na Carachtair**

Tuatha Dé Danann
Lir
Aoibhe
Aoife

Gluais

ealaí - swans
tinneas clainne – child labour
fás aníos – growing up
éadmhar – jealous

Seo achoimre ar an scéal. Tá bearnaí agatsa san alt agus tá an t-eolas a théann sna bearnaí sin ag duine B. Léigí an t-alt le chéile – léifidh duine A an chéad alt agus duine B an dara halt leis na bearnaí a líonadh.

A (Léifidh tusa an t-alt seo).

Fadó in Éirinn bhíodh clann i réim sa tír darb ainm Tuatha Dé Danann. Ba é Lir dia na farraige agus bhí sé pósta ar bhean darb ainm Aoibh. Rugadh ceathrar leanaí áille ar an bheirt. Bhí an bheirt is sine, Fionnuala agus Aodh, ag snámh i loch beag nuair a fuair siad scéala go raibh a n-athair á n-iarraidh agus drochscéal aige. Fuair a máthair bás le linn tinneas clainne ach rugadh cúpla, Fiachra agus Conn, di. Dúirt Lir leis na páistí is sine go raibh orthu aire a thabhairt do na deartháireacha is óige.

B (Léifidh an duine eile an t-alt seo).

Phós Lir _____ go luath ina dhiaidh sin. Aoife an t-ainm a bhí uirthi. Shíl sé go raibh sé tábhachtach _____ ag na páistí agus iad ag fás aníos. Bhí Aoife den tuairim áfach, go raibh níos mó grá ag Lir dá chuid páistí ná di féin agus d'éirigh sí an-éadmhar. Tar éis _____ bhain Aoife úsáid as clóca Lir agus mar sin a chuid draíochta leis na páistí a iompú isteach sna healaí _____ agus is galánta in Éirinn. Dúirt sí leis na páistí go mbeadh siad ina n-ealaí ar feadh naoi gcéad bliain.

Bileog 2.6B**Plé**

An bhfuil aon chur amach agat ar an scéal béaloidis *Clann Lir*? Déan plé faoin scéal leis an duine in aice leat ag úsáid na bhfocal thíos le cuidiú libh.

**Na Carachtair**

Tuatha Dé Danann
Lir
Aoibhe
Aoife

Gluais

ealaí - swans
tinneas clainne – child labour
fás aníos – growing up
éadmhar – jealous

Seo achoimre ar an scéal. Tá bearnaí agatsa san alt agus tá an t-eolas a théann sna bearnaí sin ag A. Léigí an t-alt le chéile – léifidh duine A an chéad alt agus duine B an dara halt leis na bearnaí a líonadh.

A (Léifidh an duine eile an t-alt seo)

Fadó in Éirinn bhíodh _____ i réim sa tír darb ainm Tuatha Dé Danann. Ba é Lir dia na farráige agus bhí sé _____ darb ainm Aoibh. Rugadh ceathrar leanaí áille ar an bheirt. Bhí an bheirt is sine, Fionnuala agus Aodh, ag snámh i loch beag nuair a fuair siad scéala go raibh _____ á n-iarraidh agus drochscéal aige. Fuair a máthair bás le linn tinneas clainne, ach rugadh cúpla, Fiachra agus Conn, di. Dúirt Lir leis na páistí is sine go raibh orthu aire a thabhairt do na _____.

B (Léifidh tusa an t-alt seo)

Phós Lir deirfiúr Aoibhe go luath ina dhiaidh sin. Aoife an t-ainm a bhí uirthi. Shíl sé go raibh sé tábhachtach máthair a bheith ag na páistí agus iad ag fás aníos. Bhí Aoife den tuairim áfach, go raibh níos mó grá ag Lir dá chuid páistí ná di féin agus d'éirigh sí an-éadmhar. Tar éis cúpla bliain bhain Aoife úsáid as clóca Lir agus mar sin a chuid draíochta, leis na páistí a iompú isteach sna healaí is áille agus is galánta in Éirinn. Dúirt sí leis na páistí go mbeadh siad ina n-ealaí ar feadh naoi gcéad bliain.

Bileog 2.7

Tá tú ag cóisir agus tá tú ag cúléisteacht le comhráite éagsúla atá ar siúl timpeall ort. Éist leis an téip agus roghnaigh an pictiúr is fearr a dhéanann cur síos ar gach comhrá.

Comhrá 1



Comhrá 2

Comhrá 3

Comhrá 4



‘A Áine, A Chiaráin’. Déan plé leis an duine in aice leat ar an ngramadach atá i gceist leis an méid sin.

Roghnaigh ceann de na pictiúir thíos agus déan cur síos air don duine in aice leat.



Anois tá cárta le scríobh agat do cheann de na hócáidí thuas. Féach ar na focail/frásaí thíos le cuidiú leat an cárta a scríobh. Cad a scríobh an duine in aice leat?

Comhghairdeas!

Go maire tú an céad.

Lá breithe sona duit!

Sin dea-scéal!

Beir bua agus beannacht

Nollaig shona
